

MEALLADH NA MEÁN

MODÚL 6:

CUR AITHNE AR AN BHFOIREANN

**GNÍOMHAÍOCHTAÍ
SEOMRA RANGA**



Coimisiún
na Meán

GNÍOMHAÍOCHT #1

SÁR-THRÁTH NA gCEIST: MEALLADH NA MEÁN

Cé mhéad is cuimhin leat ó mhodúil na bliana seo caite? Léigh gach ceist, cuir tic leis an bhfreagra is fearr, dar leat, agus ansin seiceáil na freagraí ag an deireadh. Tóg do chuid ama agus tú ag dul trí na freagraí... ach ná déan é sin go dtí go mbeidh an tráth na gceist críochnaithe agat.

Ainm: _____ Rang: _____

Babhta 1: Cad Iad na Meáin?

1. Cad is brí leis an bhfocal ‘meáin’ i ndáiríre?

- ☐ A. Cineál cainéil teilifíse
- ☐ B. Na bealaí éagsúla a sheolaimid agus a fhaighimid eolas
- ☐ C. Ní bhíonn i gceist ach rudaí a aimsíonn tú ar an idirlíon
- ☐ D. Comhlacht a dhéanann scannáin

2. Cén difríocht atá idir na meáin thraidisiúnta (teilifís, raidió, nuachtáin) agus na meáin ar líne?

- ☐ A. Bíonn na meáin thraidisiúnta leadránach i gcónaí
- ☐ B. Is féidir le duine ar bith ábhar a fhoilsiú ar líne, ach is iondúil go gcloíonn na meáin thraidisiúnta le rialacha dochta maidir le cruinneas agus cothroime
- ☐ C. Bíonn na meáin ar líne fíor i gcónaí
- ☐ D. Ní féidir féachaint ar na meáin thraidisiúnta ar scáileán

3. Tugtar ‘fairtheoir na meán’ ar Choimisiún na Meán uaireanta. Cén ról atá aige?

- ☐ A. Gach clár teilifíse in Éirinn a dhéanamh
- ☐ B. Fógraí a dhíol le comhlachtaí
- ☐ C. Cabhrú lena chinntiú go bhfuil na meáin in Éirinn cothrom, iontaofa agus sábháilte le húsáid
- ☐ D. Cinneadh a dhéanamh faoin méid a bhfuil cead agat féachaint air

GNÍOMHAÍOCHT #1

Babhta 2: Cé Leis na Meáin?

4. Is craoltóirí ‘seirbhíse poiblí’ iad RTÉ agus TG4. Cad is brí leis sin?

- ☐ A. Is leis an bpobal iad agus faigheann siad cuid dá maoiniú ón táille cheadúnais teilifíse
- ☐ B. Is le comhlacht i dtír eile iad
- ☐ C. Ní cheadaítear dóibh aon rud a bhfuil tóir air a thaispeáint riamh
- ☐ D. Ní chraolann siad ach amháin sa samhradh

5. Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach cé leis na meáin?

- ☐ A. Ní bhaineann sé le hábhar ar chor ar bith
- ☐ B. Roghnaíonn úinéirí na scéalta a insítear agus na scéalta a fhágtar ar lár, agus dá bhrí sin d’fhéadfadh níos lú guthanna a bheith ann nuair a bhíonn níos lú úinéirí ann
- ☐ C. Toisc go scríobhann na húinéirí gach focal beo iad féin
- ☐ D. Toisc go gcaithfidh tú iad a íoc chun féachaint ar rud ar bith

6. Cé acu seo is fearr a dhéanann cur síos ar ‘mheáin neamhspleácha’?

- ☐ A. Comhlacht ollmhór ar leis teilifís, raidió agus nuachtáin ar fad ag an am céanna
- ☐ B. Rud beag, amhail podchraoladh a dhéanann duine amháin nó stáisiún raidió pobail
- ☐ C. Meáin nach mbíonn aon tuairimí acu riamh
- ☐ D. Cainéal ar leis an rialtas é

Babhta 3: Fíor nó Bréagach?

7. Cé acu díobh seo atá FÍOR?

- ☐ A. Is é gorm an dath is deise
- ☐ B. Fiuchann uisce ag 100 céim
- ☐ C. Is fearr an samhradh ná an geimhreadh
- ☐ D. Tá an t-amhrán sin thar barr

8. Cén difríocht atá idir mífhaisnéis agus bréagaisnéis?

- ☐ A. Níl aon difríocht eatarthu
- ☐ B. Roinntear mífhaisnéis i ngan fhios ag an duine go bhfuil sí bréagach; scaiptear bréagaisnéis d’aon ghnó chun daoine a chur amú
- ☐ C. Baineann mífhaisnéis le cúrsaí spóirt i gcónaí
- ☐ D. Is cineál nuachtáin í bréagaisnéis

9 Is minic a scaiptear scéalta bréagacha níos tapúla ná fíorscéalta. Cén fáth?

- ☐ A. Bíonn siad níos faide de ghnáth
- ☐ B. Is minic a chruthaítear iad chun geit nó sceitimíní a chur ort, agus mar sin roinneann daoine iad sula seiceálann siad iad
- ☐ C. Baineann siad le daoine cáiliúla i gcónaí
- ☐ D. Ní cheadaítear fíorscéalta ar líne

GNÍOMHAÍOCHT #1

Babhta 4: Stop • Smaoinigh • Seiceáil

10. Sa chur chuige STOP • SMAOINIGH • SEICEÁIL, cad a iar an chéim ‘STOP’ ort a dhéanamh?

- ☐ A. Do ghléas a mhúchadh go hiomlán
- ☐ B. Sos a thógáil sula bhfreagraíonn tú nó sula roinneann tú é, agus a thabhairt faoi deara conas a mhothaíonn tú
- ☐ C. Gan an t-idirlíon a úsáid ar feadh seachtaine
- ☐ D. Gach rud a fheiceann tú a thuairisciú

11. Faigheann tú teachtaireacht: RÁINNEACH! Dúnfar do chuntas inniu – cliceáil anois! Cad é an chéad rud cliste le déanamh?

- ☐ A. Cliceáil láithreach ionas nach gcaillfidh tú an cuntas
- ☐ B. Tóg sos — is comhartha coitianta camscéime é an brú ‘déan anois é’
- ☐ C. Cuir ar aghaidh chuig do chairde ar fad í
- ☐ D. Freagair agus tabhair do phasfhocal

12. Cad é bealach maith le SEICEÁIL an uil scéal gan choinne fíor?

- ☐ A. Creid é má tá ceannlíne dhrámatúil air
- ☐ B. Féach an bhfuil foinsí iontaofa eile á thuairisciú freisin
- ☐ C. Roinn é agus féach an ndéanann duine ar bith gearán
- ☐ D. Cuir muinín ann má úsáidtear go leor ceannlitreacha ann

Babhta 5: Fógraíocht agus Áitiú

13. Cad is ‘áitiú’ ann?

- ☐ A. Nuair a chruthaítear meáin chun tionchar a imirt ar an méid a cheapann tú, a mhothaíonn tú nó a dhéanann tú
- ☐ B. Cineál ceamara
- ☐ C. Riail a dhéanann an rialtas
- ☐ D. Nuair a bhíonn clár thar a bheith fada

14. Deir tionchaire go bhfuil cluiche nua ‘thar barr’, agus tá an lipéad ‘#ad’ nó ‘#fógra’ ar an bhfíseán. Cad a insíonn sé sin duit?

- ☐ A. Is cinnte gur fuath leis an tionchaire an cluiche
- ☐ B. Fuair an tionchaire fócaíocht nó rud éigin eile chun an cluiche a chur chun cinn, mar sin is fógraíocht é freisin
- ☐ C. Tá an cluiche saor in aisce do chách
- ☐ D. Ní chiallaíonn an lipéad rud ar bith

15. Cén difríocht atá idir ‘mian’ agus ‘riachtanas’?

- ☐ A. Níl aon fhiórdhifríocht eatarthu
- ☐ B. Is éard is riachtanas ann ná rud atá de dhíth ort i ndáiríre; is éard is mian ann ná rud tarraingteach a bhféadfá déanamh gan é
- ☐ C. Bíonn mian níos tábhachtaí i gcónaí ná riachtanas
- ☐ D. Ní bhíonn riachtanais le feiceáil ach amháin i bhfógraí

GNÍOMHAÍOCHT #1

Babhta 6: Buail leis an bhFoireann

16. Cuireann Modúl 6 ceathrar a oibríonn i gCoimisiún na Meán in aithne dúinn. Cad atá i bpáirt acu ar fad?

- ☐ A. Cuireann siad ar fad an nuacht i láthair ar an teilifís
- ☐ B. Oibríonn siad ar fad chun cuidiú leis na meáin in Éirinn a dhéanamh níos cothroime, níos sábháilte agus níos iontaofa
- ☐ C. Déanann siad ar fad físchluichí
- ☐ D. Oibríonn siad ar fad i dtíortha éagsúla

17. Oibríonn ball foirne amháin ar chiste ar a dtugtar Fuaim & Fís. Cad a dhéanann an ciste?

- ☐ A. Deisíonn sé teilifíseáin bhriste
- ☐ B. Cuidíonn sé le híoc as cláir theilifíse agus raidió a dhéanamh anseo in Éirinn
- ☐ C. Díolann sé ticéid do cheolchoirmeacha
- ☐ D. Scríobhann sé an nuacht

18. Tá Coiste Comhairleach Óige ag Coimisiún na Meán – grúpa daoine óga a mhíníonn cén saol atá ann ar líne i ndáiríre. Cén fáth?

- ☐ A. Chun obair bhaile a thabhairt do dhaoine óga
- ☐ B. Ionas go múnlófar cinntí faoi dhaoine óga de réir fforeispéiris daoine óga
- ☐ C. Chun na fógraí a thaispeánfar a roghnú
- ☐ D. Chun na cainéil teilifíse a reáchtáil

Sula seiceálann tú do chuid freagraí, déan do scór a thuar!

Sílim go bhfuair mé ____ as 18.

NA FREAGRAÍ

1. B. Is éard iad ‘na meáin’ go simplí ná na bealaí iomadúla a roinnimid eolas. Is meáin iad leabhar, scannán, podchraoladh, suíomh gréasáin agus teachtaireacht téacs – iompraíonn gach ceann acu teachtaireacht ón duine a chruthaigh é chuig an duine a fhaigheann í. Ach oiread le brí na Gaeilge, tagann an focal Béarla ón bhfocal Laidine medium, a chiallaíonn ‘lár’.

2. B. Is gnách go gcloíonn nuachtáin, an teilifís agus an raidió le rialacha dochta maidir le cruinneas agus cothroime. Ar líne, is féidir le duine ar bith beagnach rud ar bith a fhoilsiú, agus scaiptear go tapa é – rud corraitheach, ach fágann sé fútsa smaoineamh ar an méid atá iontaofa.

3. C. Is é Coimisiún na Meán rialtóir meán na hÉireann. Ní dhéanann sé na meáin ná ní insíonn sé duit cad air ar cheart duit féachaint – seiceálann sé go bhfuil na seirbhísí ag cloí leis na rialacha, ionas go mbeidh na meáin mórthimpeall ort níos cothroime agus níos sábháilte le húsáid.

4. A. Is le gach duine na meáin seirbhíse poiblí, ní le húinéir príobháideach. Cuidíonn táille an cheadúnais teilifíse le RTÉ agus TG4 a mhaoiniú, agus is é an cúram atá orthu eolas, oideachas agus siamsaíocht a chur ar fáil do chách agus éagsúlacht mhuintir na hÉireann a léiriú.

5. B. Roghnaíonn úinéirí na scéalta a insítear agus na scéalta a fhágtar ar lár. Ciallaíonn go leor úinéirí éagsúla go leor guthanna éagsúla; nuair nach bhfuil an chuid is mó de na meáin faoi smacht ach ag dornán úinéirí, d’fhéadfaí roinnt scéalta – agus roinnt pobal – a fhágáil ar lár.

6. B. Is iad na meáin neamhspleácha na meáin bheaga – podchraoladh ó dhuine amháin, suíomh nuachta áitiúil nó stáisiún raidió pobail. Bíonn níos mó saoirse acu guthanna áitiúla a chur san áireamh, ach de ghnáth bíonn níos lú airgid agus níos lú daoine taobh thiar díobh.

7. B. Is féidir fíric a sheiceáil agus a chruthú le fianaise go bhfuil sí fíor nó bréagach – mar shampla, is féidir a thástáil go bhfiuchann uisce ag 100 céim. Tuairimí atá sna cinn eile: smaoine agus mothúcháin nach féidir a chruthú bealach amháin ná bealach eile, agus níl aon fhadhb leis sin.

8. B. Tá an dá cheann bréagach – is é an rún atá taobh thiar díobh an difríocht. Is éard is mífhaisnéis ann ná eolas bréagach a roinneann duine nach dtuigeann go bhfuil sé bréagach. Cruthaítear agus scaiptear bréagaisnéis d’aon ghnó chun daoine a chur amú. Nuair is féidir leat a aithint cé acu atá i gceist, cabhraíonn sé leat tuiscint a fháil ar an bhfíorchúis ar cruthaíodh rud.

9. B. Is minic a chruthaítear scéalta bréagacha chun greim a fháil ort – chun geit nó iontas a bhaint asat nó mothúchán láidir a spreagadh – agus mar sin roinneann daoine iad sula ndéanann siad iad a sheiceáil. Tógann sé am tuairisciú fírinneach a dhéanamh i gceart. Sin é go díreach an fáth a bhfuil sé chomh cumhachtach sin moilliú.

10. B. Is é STOP an sos. Sula bhfreagraíonn tú nó sula roinneann tú rud, tarraing anáil agus tabhair faoi deara cad a tharraing d’aird agus conas a mhothaíonn tú. Is comhartha iad mothúcháin láidre gur cheart duit moilliú, mar go gcruthaítear eolas bréagach agus camscéimeanna chun thú a spreagadh chun gníomhú go tapa.

11. B. Cruthaítear focail ar nós ‘práinneach’ agus ‘gníomhaigh anois’ chun brú a chur ort gníomhú gan smaoineamh duit féin. Is é sos a thógáil an chéad chéim is sábháilte. Ansin seiceáil i gceart é – téigh chuig an bhfíorshuíomh gréasáin tú féin seachas cliceáil ar an nasc, agus mura bhfuil tú cinnte, cuir ceist ar dhuine fásta iontaofa.

12. B. Má tharla rud mór i ndáiríre, is gnách go dtuairisceoidh níos mó ná foinse iontaofa amháin é. Cuidíonn sé foinsí eile a sheiceáil, féachaint ar an dáta agus níos mó ná an cheannlíne a léamh. Is cúis le bheith cúramach í foinse amháin nach aithníonn tú.

13. A. Is éard is áitiú ann ná meáin a chruthaítear chun tionchar a imirt ort – chun an méid a cheapann tú, a mhothaíonn tú nó a dhéanann tú a mhúnlú. Is í an fhógraíocht an cineál is coitianta, agus is é an cuspóir atá léi de ghnáth thú féin nó do thuismitheoirí a spreagadh chun rud éigin a cheannach. Nuair a aithníonn tú é, bíonn tusa i gceannas arís.

14. B. Léiríonn lipéid ar nós ‘#fógra’, ‘#comhpháirtíocht íoctha’, ‘#brontanas’, nó ‘#ad’, ‘#paid partnership’ nó ‘#gifted’, go bhfuarthas airgead nó táirgí. D’fhéadfadh an moladh a bheith macánta fós, ach is fógraíocht é freisin – agus nuair is eol duit é sin, is féidir leat é a mheas go cúramach in ionad glacadh leis mar chomhairle chairdiúil.

15. B. Is éard is riachtanas ann ná rud atá de dhíth ort i ndáiríre; is éard is mian ann ná rud mealltach a bhféadfá déanamh gan é. Is minic a dhíríonn fógraíocht ar mhianta agus déanann sí iarracht cuma riachtanas a chur orthu, mar sin cabhraíonn sé leat an rud is tábhachtaí duit féin a roghnú má dhéanann tú idirdhealú eatarthu.

16. B. Tá poist an-éagsúil ag an gceathrar – litearthacht sna meáin, clár a mhaoiniú, beartas maidir le cearta leanaí agus daonlathas – ach tá siad go léir ag obair ar an aidhm chéanna: cabhrú leis na meáin in Éirinn a dhéanamh níos cothroime, níos sábháilte agus níos iontaofa.

17. B. Ní le rialacha amháin a bhaineann Coimisiún na Meán – cuid dá chuid oibre is ea cabhrú le clár a dhéanamh. Úsáideann Fuaim & Fís airgead ó tháille an cheadúnais teilifíse chun tacú leis na céadta clár teilifíse agus raidió Éireannach, i nGaeilge agus i mBéarla, a léiriú do lucht féachana agus éisteachta anseo.

18. B. Stiúrann ball amháin den fhoireann grúpa daoine óga a roinneann an fhírinne faoin saol ar líne. Nuair a chloistear uait go díreach, múnlaíonn sé na cinntí a dhéanann siad – mar is iad na daoine a mbíonn tionchar ag rud orthu is fearr a thuigeann é de ghnáth.